

GCE

Sonraíocht GCE CCEA in
**Cothú agus
Eolaíocht an Bhia**

Leagan 2: 17 Meán Fómhair 2018

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2016
Le bronnadh ar leibhéal AS den chéad uair Samhradh 2017
Le bronnadh ar A-leibhéal den chéad uair Samhradh 2018
Cód Ábhair: 3310

Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, *Inneachar Ábhair*, den tSonraíocht.

Cód Ábhair	3310
QAN Leibhéal AS	601/8370/6
QAN A-Leibhéal	601/8371/8
Foilseachán de chuid CCEA © 2016	

Tá an tsonraíocht seo ar fáil ar líne ag www.ccea.org.uk

3 Inneachar Ábhair

Tá an cúrsa seo roinnte againn ina gceithre aonad: dhá aonad ag leibhéal AS agus dhá aonad ag A2. Leagann an roinn seo amach an t-inneachar agus na torthaí foghlama do gach aonad.

3.1 Aonad AS 1: Prionsabail an Chothaithe

San aonad seo, foghlaimeoidh daltaí faoi mhacrachothaithigh agus faoi mhicreachothaithigh agus faoi chomhábhair eile den chothú. Chomh maith leis sin, beidh siad ag déanamh staidéir ar riachtanais chothaithe agus na moltaí reatha maidir le cothú do gach céim bheatha. Is scrúdú scríofa é an measúnú don aonad seo a bhfuil ceisteanna le freagraí gairide agus ceisteanna le scríbhneoireacht shínte araon ann. Amharc ar Roinn 6 le tuilleadh sonraí a fháil.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Próitéin	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none">• eolas agus tuiscint a léiriú ar fheidhmeanna na próitéine mar chothaitheach;• foinsí próitéine san aiste bia a thagann ó phlandaí, ó ainmhithe agus ó áiteanna nua eile a shainaithint;• foinsí próitéine san aiste bia a thagann ó phlandaí, ó ainmhithe agus ó áiteanna nua eile a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht maidir le cothú, sláinte, ilúsáideacht agus costas;• eolas agus tuiscint a léiriú ar na téarmaí seo a leanas:<ul style="list-style-type: none">– aimíonaigéid riachtanacha agus neamhriachtanacha;– luach bitheolaíoch; agus– comhlánú; agus• cothromaíocht nítrigine a mhíniú i dtaca le riachtanais phróitéine.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Saill</p> <p>Carbaihiodráit</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eolas agus tuiscint a léiriú ar fheidhmeanna na saille mar chothaitheach; • eolas agus tuiscint a léiriú ar struchtúr, ar fhoinsí agus ar éifeachtaí an cholaistéaróil san fhuil ar na haigéid shailleacha seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – sáithithe; – monai-neamhsháithithe; agus – il-neamhsháithithe (óimige-3, óimige-6 agus aigéid tras-sailleacha); • eolas agus tuiscint a léiriú ar ról na n-aigéad sailleach riachtanach san aiste bia; • eolas agus tuiscint a léiriú ar fhoinsí agus ar fheidhmeanna na gcarbaihiodráití mar chothaitheach; • eolas agus tuiscint a léiriú ar thábhacht chothaitheach na gcarbaihiodráití seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – siúcraí – intreacha, eistreacha agus siúcraí eistreacha neamhbhainniúla (SENB) (<i>NMES</i>); – stáirse; agus – polaisiúicrídí neamhstáirse (PSNS) (<i>NSP</i>); • eolas agus tuiscint a léiriú ar éifeachtaí na gcarbaihiodráití éagsúla ar leibhéal siúcra san fhuil; agus • na téarmaí innéacs glicéime agus ualú glicéime a mhíniú i dtaca le hionsú carbaihiodráití;

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Vitimíní Vitimíní sailltuaslagtha vitimín A vitimín D vitimín E vitimín K</p> <p>Vitimíní uiscethuaslagtha vitimín B₁ vitimín B₂ niaicin vitimín B₆ vitimín B₁₂ fóláit vitimín C</p> <p>Mianraí Mórmhianraí cailciam maignéisiam fosfar potaisiam sódiam</p> <p>Rianmhianraí fluairín iaidín iarann seiléiniam sinc</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos ar ról na vitimíní sailltuaslagtha agus uiscethuaslagtha sa chorp; • foinsí tairbheacha na vitimíní sa liosta a shainaithint; • an éifeacht ar shláinte a mheas maidir le huireasa gach vitimín agus le barraíocht gach vitimín; agus • eolas agus tuiscint a léiriú ar thosca a bhfuil éifeacht acu ar bhith-infhaighteacht agus ar ionsú vitimíní; <ul style="list-style-type: none"> • cur síos a dhéanamh ar fheidhmeanna na mórmhianraí agus rianmhianraí sa liosta; • foinsí tairbheacha na mórmhianraí agus na rianmhianraí sa liosta a shainaithint; • cur síos a dhéanamh ar an éifeacht ar shláinte atá bainteach le huireasa nó le barraíocht gach mórmhianra agus rianmhianra; • eolas agus tuiscint a léiriú ar thosca a théann i bhfeidhm ar bhith-infhaighteacht agus ar ionsú mórmhianraí agus rianmhianraí.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Uisce agus Leachtanna eile</p> <p>Cothú ar fud na beatha</p> <p>Riachtanais chothaitheach</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tuiscint agus eolas a léiriú ar fhoinsí uisce agus leachtanna eile san aiste bia agus ar a bhfeidhmeanna; • smaoineamh ar na tairbhí cothaitheacha atá ag baint le leachtanna eile seachas uisce a ól; • tosca a théann i bhfeidhm ar hidráitiú a phlé; • tuiscint agus eolas a léiriú ar éifeachtaí an díhidráitiúcháin agus hipirhidráitiúcháin; • eolas agus tuiscint a léiriú ar na sainriachtanais chothaithe agus na riachtanais fuinnimh do: <ul style="list-style-type: none"> – réamhghiniúint, toircheas agus lachtadh; – naíonáin agus páistí réamhscoile; – páistí in aois scoile agus déagóirí; – fir agus mná fásta; agus – daoine fásta atá níos sine agus daoine scothaosta laga; • a mhíniú cad é mar is féidir leis na sainriachtanais chothaithe agus na riachtanais fuinnimh seo a bhaint amach trí roghanna cuí bia agus/nó trí úsáid na bhforlontaí; • cur síos a dhéanamh ar Luachanna Tagartha Cothúcháin (<i>Dietary Reference Values – DRVs</i>) do chothaithe agus ar Mheán-Riachtanais Mholta (<i>Estimated Average Requirements – EARs</i>) don fhuinneamh; agus • eolas agus tuiscint a léiriú ar an dóigh ar chóir Luachanna Tagartha Cothúcháin agus Meán-Riachtanais Mholta a úsáid le haistí bia a luacháil.

3.2 Aonad AS 2: Bia, Stíl Mhaireachtála agus Sláinte

San aonad seo, déanfaidh daltaí imscrúdú ar thaighde reatha ar aiste bia, ar stíl mhaireachtála agus ar shláinte. Is scrúdú scríofa é an measúnú don aonad seo a bhfuil ceisteanna le freagraí gairide agus ceisteanna le scríbhneoireacht shínte araon ann. Amharc ar Roinn 6 le tuilleadh sonraí a fháil.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Patrúin itheacháin	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none">• fiosrú a dhéanamh ar na treochtaí i gcaitheamh bia a raibh méadú ar neamhoird atá bainteach le cothú mar gheall orthu, mar shampla:<ul style="list-style-type: none">– déimeagrafaic;– athrú sóisialta;– fostaíocht; agus– patrúin fóillíochta;• plé a dhéanamh ar na bacainní a chuireann cosc ar thomhaltóirí roghanna sláintiúla bia a dhéanamh, mar shampla:<ul style="list-style-type: none">– acmhainní;– infhaighteacht;– lipéadú bia; agus– fógraíocht bia;
Fuinneamh agus cothromaíocht fuinnimh	<ul style="list-style-type: none">• an fáth a bhfuil fuinneamh de dhíth ar an chorp a mhíniú;• scrúdú a dhéanamh ar thosca a théann i bhfeidhm ar chaiteachas fuinnimh a imscrúdú;• léirmhíniú agus tráchtanna a dhéanamh ar na Meán-Riachtanais Mholta don fhuinneamh ar fud na beatha; agus• eolas agus tuiscint a léiriú ar choincheap na cothromaíochta fuinnimh.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Neamhoird atá bainteach le cothú Rómheáchan agus murtall</p> <p>Galar cardashoithíoch</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • sainmhíniú a thabhairt ar rómheáchan agus ar mhurtall agus cur síos a dhéanamh ar an dóigh ar féidir iad a thomhas; • léirmhíniú agus tráchtanna a dhéanamh ar fháthanna féideartha le treochtaí sa mhurtall i measc páistí agus daoine fásta; • plé a dhéanamh ar bhacainní féideartha le meáchan sláintiúil a bhaint amach; • eolas agus tuiscint a léiriú ar na fadhbanna sláinte atá bainteach le rómheáchan agus le murtall i bpáistí agus i ndaoine fásta; • moltaí cothaitheacha agus stíle maireachtála a mholadh agus a chosaint le meáchan sláintiúil a bhaint amach in aois páiste agus san aosacht; • galar cardashoithíoch (<i>CVD</i>) a shainmhíniú agus cur síos a dhéanamh ar a fhorbairt; • cur síos imlíneach a thabhairt ar na tosca riosca do-athraithe don ghalair chardashoithíoch: <ul style="list-style-type: none"> – géinitic; – inscne; – aois; – stádas socheacnamaíoch; – eitneacht; agus – ísealmheáchan breithe; agus • a mhíniú cad é mar is féidir leis na tosca riosca inathraithe seo a leanas a bheith páirteach i bhforbairt an ghalair chardashoithíoch: <ul style="list-style-type: none"> – tobac a chaitheamh; – gníomhaíocht fhisiceach laghdaithe; – iontógáil íseal torthaí agus glasraí; – iontógáil iomarcach alcóil; – colaistéaról ard san fhuil; – stádas íseal frithocsaídeoírí; – iontógáil ard sóidiam; agus – iontógáil íseal den snáithín intuaslagtha.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Galar cardashoithíoch (ar lean.)</p> <p>Ailse</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • éifeachtaí na rudaí seo a leanas ar fhorbairt an ghalair chardashoithíoch a phlé: <ul style="list-style-type: none"> – rómheáchan agus murtall; – hipirtheannas; – diaibéiteas Chineál 2; – aigéid shailleacha sáithithe agus neamhsháithithe; agus – homaicistéin; • moltaí cothaithe agus stíle maireachtála a mholadh agus a chosaint le cosc a chur ar ghalair chardashoithíoch; • ailse a shainmhíniú agus breac-chuntas a thabhairt ar an dóigh a dtig léi forbairt; • a mhíniú cad é mar is féidir leis na rudaí seo a leanas tionchar a imirt ar riosca ailse an duine: <ul style="list-style-type: none"> – saill; – salann; – feoil; – bianna planda slánghráinneacha; – torthaí agus glasraí; agus – cothaithe frithocsaídeora; • machnamh a dhéanamh ar thionchar féideartha na rudaí seo a leanas i bhforbairt na hailse: <ul style="list-style-type: none"> – saill an choirp; – gníomhaíocht fhisiceach; – alcól; – cothú cíche; – caitheamh tobac; agus – nochtadh don ghrian; agus • moltaí cothaithe agus stíl mhaireachtála a mholadh agus a chosaint le riosca ailse a laghdú;

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p data-bbox="295 235 443 309">Diaibéiteas Chineál 2</p> <p data-bbox="279 795 347 828">Alcól</p> <p data-bbox="279 1467 470 1541">Gníomhaíocht fhisiceach</p>	<p data-bbox="544 235 1023 268">Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul data-bbox="544 291 1364 1859" style="list-style-type: none"> <li data-bbox="544 291 1324 369">• diaibéiteas Chineál 2 a shainmhíniú agus breac-chuntas a thabhairt ar a shiomptóim; <li data-bbox="544 414 1364 649">• breac-chuntas a thabhairt ar na tosca riosca do dhiaibéiteas Chineál 2: <ul data-bbox="582 492 1045 649" style="list-style-type: none"> <li data-bbox="582 492 718 526">– murtall; <li data-bbox="582 533 734 566">– aiste bia; <li data-bbox="582 573 790 607">– géinitic; agus <li data-bbox="582 613 1045 649">– neamhghníomhaíocht fhisiceach; <li data-bbox="544 694 1340 772">• moltaí cothaithe agus stíle maireachtála a mholadh agus a chosaint le diaibéiteas chineál 2 a chosc agus a bhainistiú; <li data-bbox="544 795 1340 996">• eolas agus tuiscint a léiriú ar an ghaolmhaireacht idir alcól agus: <ul data-bbox="582 884 973 996" style="list-style-type: none"> <li data-bbox="582 884 718 918">– murtall; <li data-bbox="582 925 973 958">– galar cardashoithíoch; agus <li data-bbox="582 965 686 996">– ailse; <li data-bbox="544 1041 1324 1120">• a mhíniú cad é mar is féidir le húsáid alcóil le linn toirchis dul i bhfeidhm ar an bhabaí; <li data-bbox="544 1153 1300 1433">• míniú a thabhairt ar na torthaí cothaithe d’fhir agus do mhná fásta mar gheall ar bharraíocht alcóil a ól, mar shampla: <ul data-bbox="582 1276 1284 1433" style="list-style-type: none"> <li data-bbox="582 1276 821 1310">– meitibiliú saille; <li data-bbox="582 1317 1037 1350">– leibhéil ghlúcóis san fhuil a rialú; <li data-bbox="582 1357 1284 1391">– tionchar ar vitimín K, vitimín D agus vitimíní B; agus <li data-bbox="582 1397 1029 1433">– tionchar ar shinc agus ar iarann; <li data-bbox="544 1467 1292 1545">• na treoirínte reatha a shainaithint don ghníomhaíocht fhisiceach do pháistí agus do dhaoine fásta; agus <li data-bbox="544 1579 1284 1859">• na tairbhí sláinte atá bainteach le gníomhaíocht rialta fhisiceach a phlé, mar shampla: <ul data-bbox="582 1668 1149 1859" style="list-style-type: none"> <li data-bbox="582 1668 957 1702">– feidhmiú cardashoithíoch; <li data-bbox="582 1709 1037 1742">– sláinte na gcnámh agus na n-alt; <li data-bbox="582 1749 1149 1783">– sláinte an chnámharlaigh agus na matán; <li data-bbox="582 1789 1013 1823">– cothromaíocht fuinnimh; agus <li data-bbox="582 1830 853 1859">– meabhairshláinte.

3.3 Aonad A2 1 Rogha A: Slándáil Bhia agus Inbhuanaitheacht

San aonad seo, déanfaidh daltaí scrúdú ar iompraíocht na dtomhaltóirí agus cinntí á ndéanamh acu maidir le bia a cheannach agus déanfaidh siad machnamh ar na ceisteanna agus na himpleachtaí atá bainteach le rogha bhia na dtomhaltóirí. Is scrúdú scríofa é an measúnú don aonad seo a bhfuil ceisteanna struchtúrtha agus ceisteanna le scríbhneoireacht shínte araon ann. Amharc ar Roinn 6 le tuilleadh sonraí a fháil.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Slándáil bhia	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: <ul style="list-style-type: none">• breac-chuntas a thabhairt ar na dúshláin le slándáil bhia a bhaint amach:<ul style="list-style-type: none">– athrú aeráide agus aimsir dhian;– meath an talaimh mar gheall ar fheirmeoireacht dhian; agus– fás an daonra;
Bochtaineacht bia	<ul style="list-style-type: none">• eolas agus tuiscint a léiriú ar bhochtaineacht bia mar fhadhb dhomhanda;• eolas agus tuiscint a léiriú ar bhochtaineacht bia mar fhadhb áitiúil agus náisiúnta;• cur síos a dhéanamh ar an méid atá ar bun le bochtaineacht bia a laghdú sa RA, mar shampla:<ul style="list-style-type: none">– bairc bhia;– Fare Share; agus– The Trussel Trust;
Inbhuanaitheacht bia	<ul style="list-style-type: none">• tionchar na dtosca eitiúla agus timpeallachta seo a leanas ar athrú aeráide agus ar acmhainní nádúrtha (uisce, ithir) a phlé:<ul style="list-style-type: none">– feirmeoireacht ainmhithe;– bia táirgthe go háitiúil agus go séasúrach; agus– feirmeoireacht orgánach; agus• a mhíniú cad é mar a bhíonn na rudaí seo a leanas ag cur go deimhneach le geilleagair áitiúla sa RA agus i dtíortha táirgthe:<ul style="list-style-type: none">– bia táirgthe go háitiúil agus go séasúrach; agus– Fairtrade.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Inbhuanaitheacht bia (ar lean.)</p> <p>Cur Amú Bia</p> <p>Iompraíocht an tomhaltóra a athrú</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • a mhíniú cad é mar a chuidíonn na scéimeanna seo a leanas le tomhaltóirí atá ag iarraidh roghanna inbhuanaithe bia a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> – <i>Northern Ireland Beef and Lamb Farm Quality Assurance</i>; – <i>Red Tractor</i>; – <i>Carbon Footprint</i>; – <i>Conservation Grade</i>; – <i>Linking Environment and Farming (LEAF)</i>; – <i>Rainforest Alliance</i>; agus – <i>Marine Stewardship Council</i>; • plé a dhéanamh ar an dóigh a dtéann na rudaí a mhaíonn tionscal an bhia faoin timpeallacht i bhfeidhm ar roghanna an tomhaltóra; • cur amú bia agus an phacáistithe atá bainteach leis a fhiosrú mar fhadhb thimpeallachta agus eiticíuil; • scrúdú a dhéanamh ar ról na ngrúpaí seo a leanas agus an dóigh a gcuireann siad leis an fhadhb a bhaineann le cur amú bia agus an phacáistithe atá bainteach leis: <ul style="list-style-type: none"> – táirgeoirí príomhúla; – monaróirí bia; – miondíoltóirí; agus – tomhaltóirí; • cur síos a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil sé beartaithe ag na heagraíochtaí seo a leanas cur amú bia agus an phacáistithe atá bainteach leis a laghdú: <ul style="list-style-type: none"> – <i>WRAP UK</i>; – <i>Courtauld Commitment</i>; agus – <i>Love Food Hate Waste NI</i>; • comhairle do thomhaltóirí a mholadh agus a chosaint ar an dóigh le roghanna bia a dhéanamh a bhfuil tionchar deimhneach acu ar shlándáil agus ar inbhuanaitheacht bhia; • na bacainní a phlé a chuireann cosc ar chustaiméirí roghanna bia a dhéanamh a bhfuil tionchar deimhneach acu ar shlándáil agus ar inbhuanaitheacht bhia; agus • machnamh a dhéanamh ar an chostas timpeallachta agus sóisialta de bheith ag ceannach bia in ollmhargaí.

Aonad A2 1 Rogha B: Sábháilteacht agus Cáilíocht Bhia

San aonad seo, beidh daltaí ag fiosrú soláthair shábháilte bhia ón táirgeoir phríomhúil go dtí an tomhaltóir. Is scrúdú scríofa é an measúnú don aonad seo a bhfuil ceisteanna struchtúrtha agus ceisteanna le scríbhneoireacht shínte araon ann. Amharc ar Roinn 6 le tuilleadh sonraí a fháil.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Sábháilteacht bia</p> <p>Sábháilteacht bia tríd an bhiashlabhra</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> eolas agus tuiscint a léiriú ar shábháilteacht bia mar thosaíocht don tsláinte phoiblí de réir mar a shainmhíníonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS)(WHO) í; eolas agus tuiscint a léiriú ar choincheap na sábháilteachta bia mar fhreagracht chomhroinnte ar fud an bhiashlabhra; na riosca féideartha don tsábháilteacht bia a mhíniú maidir le: <ul style="list-style-type: none"> sláinte ainmhithe, mar shampla, cógais tréidliachta agus beathú ainmhithe; agus sláinte plandaí, mar shampla, iarsmaí lotnaidicídí agus míceatocsainí; an obair a dhéanann an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia (FSA) agus An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (DAERA) a mhíniú i dtaca le sláinte ainmhithe agus plandaí agus sábháilteacht bia; a mhíniú cad é mar a chinntíonn monaróirí bia táirgeacht shábháilte bia trí na córais dearbhaithe cáilíochta seo a leanas a úsáid: <ul style="list-style-type: none"> Dea-Chleachtais Déantúsaíochta (GMP); caighdeáin de dhearbhu cáilíochta; agus inrianaitheacht bia; na rudaí seo a leanas a mhíniú i dtaca le sábháilteacht bia in ionaid a chuireann bia ar fáil: <ul style="list-style-type: none"> Anailís Guaise agus Pointe Rialúcháin Criticiúla (AGPRC) (<i>Hazard Analysis Critical Control Point – HACCP</i>); scéimeanna rátála don tsláinteachas bia; agus cigireachtaí dlí bia; agus an obair a dhéanann an Cleachtóir Sláinte Chomhshaoil (<i>Environmental Health Practitioner - EHP</i>) a mhíniú maidir le sábháilteacht bia.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Éilliú micribhitheolaíoch</p> <p>Éilliú ceimiceach</p> <p>Breiseáin</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos a dhéanamh ar na rioscaí féideartha don tsláinte phoiblí atá bainteach le gach ceann de na baictéir seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – salmonella; – campalabaictéar; – listéire; agus – escherichia coli; • na bianna a shainnithint agus a phlé a bhfuil an riosca is mó den tinneas bia-iompartha ag baint leo; • breac-chuntas a thabhairt ar an dóigh ar féidir leis na grúpaí seo riosca an éillithe le miocróib a íosmhéadú: <ul style="list-style-type: none"> – táirgeoirí príomhúla; – monaróirí bia; – ionaid a bhíonn ag giollacht bia; agus – an tomhaltóir; • cuir síos ar na rioscaí féideartha don tsláinte phoiblí atá ag baint le gach ceann de na héilleáin cheimiceacha seo: <ul style="list-style-type: none"> – aicriolaimíd; – arsanaic i rís; – Bisfeanól-A (BPA); – dé-ocsainí; agus – miotail throm, mar shampla mearcair, luaidhe agus caidmiam; • plé a dhéanamh ar an méid atá á dhéanamh leis an riosca do shláinte an phobail ó gach ceann de na héilleáin cheimiceacha thuas a íosmhéadú; • úsáid na mbreiseán sa bhia a luacháil agus an chonspóid faoi úsáid na mbreiseán seo a leanas sa bhia a fhiosrú: <ul style="list-style-type: none"> – dathanna; – blasmhéadaitheoirí; – milseoirí; agus – leasaitheoirí; agus • a mhíniú cad mar a dhéantar breiseáin bhia a rialú san Eoraip.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Ailléirginí</p> <p>Rialuithe agus reachtaíocht</p>	<p>Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • plé a dhéanamh ar na teoiricí féideartha maidir leis an mhéadú ar chásanna d'ailléirgí bia; • na rialacha maidir le lipéadú agus faisnéis ar ailléirginí bia agus eolas agus tuiscint a léiriú ar an obair a dhéanann an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia (<i>Food Standards Agency</i>) maidir le hailléirge agus éadulaingt; • scrúdú a dhéanamh ar an obair a dhéanann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (<i>European Food Safety Authority – EFSA</i>) maidir le measúnú riosca agus sábháilteacht bia; agus • eolas agus tuiscint a léiriú ar na heochairphrionsabail de rialacháin an CE Uimh. 852, 853, 854/2004 Pacáiste Sláinteachais Bhia (<i>Food Hygiene Package</i>).

3.4 Aonad A2 2: Tionscadal Taighde

San aonad seo, cuirfidh daltaí tuairisc isteach ar thionscadal taighde is rogha leo féin. Níor chóir don tuairisc a bheith níos faide ná 4000 focal. Caithfidh daltaí a limistéar taighde a ghlacadh ó AS 1, AS 2 nó A2 1. Tugann an tionscadal deis do dhaltaí eolas, tuiscint agus scileanna cuí atá de dhíth ar an phróiseas a léiriú.

Sa tionscadal seo, beidh ar dhaltaí:

- saincheisteanna atá ag baint leis an limistéar taighde is rogha leo a shainaithint agus a phlé;
- faisnéis chuí agus ábhartha a roghnú agus a léirmhíniú;
- faisnéis a anailísiú agus breithiúnas a thabhairt ar a hábharthacht don limistéar taighde is rogha leo;
- taighde príomhúil a phleanáil agus a dhéanamh;
- torthaí ó thaighde a rinne siad a chur i láthair agus a mhíniú;
- tátail a bhaint trí argóintí réasúnaithe a úsáid; agus
- moltaí a dhéanamh don staidéar san am atá le teacht.

Tá measúnú sionoptach mar ghné den aonad seo. Léiríonn daltaí tuiscint ar na ceangail idir gnéithe difriúla den ábhar. Ba chóir don tionscadal acu an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna atá faighte acu i gcodanna difriúla den chúrsa a thabhairt le chéile.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Fócas an tionscadail taighde	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: <ul style="list-style-type: none">• eolas agus tuiscint a léiriú ar na saincheisteanna atá ag baint lena dteideal tionscadail:• an t-eolas agus na torthaí a anailísiú agus iad a mheas go criticiúil; agus• torthaí a gcuid taighde a chur i láthair i bhformáid tuairisce (amharc ar an chéad leathanach eile).

Formáid na Tuairisce

Ní mór do dhaltáí a dtuairiscí a struchtúró leis na rudaí seo a chur isteach:

Ceannteideal	Cur síos	Líon neasach focal
Teideal	<ul style="list-style-type: none"> nádúr cruinn an taighde atá le déanamh a shainathint; 	
Achoimriú	<ul style="list-style-type: none"> an tuairisc iomlán a achoimriú; 	150 focal
Intreoir	<ul style="list-style-type: none"> réasúnaíocht a lua don limistéar taighde a roghnaigh siad; cur síos imlíneach a dhéanamh ar aidhm(eanna) agus ar chuspóir(i) an taighde; 	350 focal
Léirbhreithniú ar an litríocht	<ul style="list-style-type: none"> léirbhreithniú criticiúil agus tagairtí soiléire a dhéanamh ar an fhaisnéis a fuarthas ó fhoinsí tánaisteacha; 	1000 focal
Modheolaíocht	<ul style="list-style-type: none"> cur síos a dhéanamh ar an mhodh phríomhúil taighde agus ar an uirlis/ar na huirlisí taighde a roghnaíodh agus sin a chosaint; 	700 focal
Plé ar na torthaí	<ul style="list-style-type: none"> taighde agus torthaí a phlé agus a luacháil, lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> torthaí a chur i láthair; agus anailís mhionchruinn ar na torthaí ón taighde phríomhúil; ina ndéantar comhchosúlachtaí agus comparáidí a aibhsiú leis na torthaí ó fhoinsí tánaisteacha, mar is féidir; 	1500 focal
Tátail	<ul style="list-style-type: none"> léirbhreithniú a dhéanamh ar bhunaidhm an taighde; na torthaí is tábhachtaí a thabhairt le chéile ó fhoinsí príomhúla agus tánaisteacha; 	150 focal
Moltaí	<ul style="list-style-type: none"> moltaí a dhéanamh le feabhsú; moltaí a dhéanamh maidir le taighde ar an ábhar san am atá le teacht; 	150 focal
Leabharliosta	<ul style="list-style-type: none"> aitheantas a thabhairt do thagairtí taobh istigh den téacs agus iad a liostú i leabharliosta ag deireadh na tuairisce agus córas tagartha Harvard in úsáid; agus 	
Aguisíní	<ul style="list-style-type: none"> aon fhianaise a chur isteach a thacaíonn leis an taighde phríomhúil a rinneadh, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> cóip dheiridh den uirlis taighde, mar shampla, ceistneoir nó sceideal agallaimh; sonraí ó thaighde príomhúil curtha le chéile; nó sampla de litreacha a scríobhadh agus a fuarthas. 	

Ba chóir do dhaltáí a gcuid tuairiscí a scríobh sa tríú pearsa agus san fhaí chéasta i gclófhoireann 12 phointe ar aon taobh de gach leathán A4. Ba chóir dóibh uimhreacha a chur ar na leathanaigh agus iad a dhaingniú i bhfillteán cothrom A4. Níor chóir don tuairisc a bheith níos faide ná 4000 focal, gan na hagusíní agus tagairtí na bhfoinsí tánaisteacha a chur san áireamh.

